# COMHAR

## TUAIRISC NA STIÚRTHÓIRÍ

## Iúil 2025 - Meitheamh 2026

**Meitheamh 2026**

# Clár


**1. RÉAMHRÁ.......... 3**
- a. Cruinnithe Boird.......... 3
- b. Stiúrthóirí (athruithe ón tuairisc dheiridh).......... 3

**2. TIONSCADAIL.......... 3**
- a. *Comhar*.......... 3
- b. *Leabhair*COMHAR.......... 3
- c. COMHAR-RÁ.......... 4
- d. Inphrionta acadúil: Cló Léann na Gaeilge (CLÓ).......... 4
- e. COMHAR*Taighde*.......... 4
  - i. Duais an Chomhchaidrimh.......... 5
- f. Portráidí na Scríbhneoirí Gaeilge.......... 5

**3. MAOINIÚ.......... 6**
  - i. *Comhar*.......... 6
  - ii. *Leabhair*COMHAR.......... 6
- b. An Chomhairle Ealaíon.......... 6
  - i. *Comhar*.......... 6
  - ii. *Leabhair*COMHAR.......... 6
- c. Coiste Léann na Gaeilge.......... 6
- d. COGG.......... 6

**4. BAINISTÍOCHT AN GHNÓ.......... 6**
- a. Foireann na hoifige.......... 7
- b. Conraitheoirí seachtracha.......... 7
- c. Athbhreithniú cuimsitheach ar sholáthar seirbhísí na meán Gaeilge.......... 7
- d. Saothair fhoilsithe in úsáid gan cead ag comhlachtaí seachtracha do uirlisí AI.......... 7
- e. cPanel.......... 7

**5. MARGAÍOCHT/POIBLÍOCHT.......... 8**
- a. Ócáidí.......... 8
- b. Na meáin shóisialta.......... 9
- c. Eile.......... 9

**6. EILE.......... 10**
- a. Filí/scríbhneoirí a cailleadh le linn na tréimhse.......... 10
- b. Buíochas.......... 10

1. **RÉAMHRÁ**

Is mian le Bord Stiúrtha COMHAR an tuairisc seo ar obair na cuideachta a chur os comhair na gcomhaltaí.

   a. **Cruinnithe Boird**

Tionóladh ocht gcruinniú den Bhord Stiúrtha ón gCruinniú Cinn Bhliana anuraidh:

- 18 Meán Fómhair 2025
- 16 Deireadh Fómhair 2025
- 03 Nollaig 2025
- 15 Eanáir 2026
- 19 Feabhra 2026
- 26 Márta 2026
- 7 Bealtaine 2026
- 11 Meitheamh 2026

Tá trí chruinniú eile le bheith ag an mBord i mbliana: 02.09.26, 15.10.26, 02.12.26.

Tionóladh an Cruinniú Cinn Bliana ar an 11 Meitheamh 2026.

   b. **Stiúrthóirí (athruithe ón tuairisc dheiridh)**

Níor ceapadh aon Stiúrthóirí nua ar an mBord le linn thréimhse na tuairisce.

D'éirigh na Stiúrthóirí seo a leanas as an mBord:

- Muireann Ní Mhóráin (11 Meitheamh 2026)

2. **TIONSCADAIL**

   a. ***Comhar***

Foilsíodh dhá eagrán déag den iris le linn thréimhse na tuairisce, trí mhóreagrán ina measc:

- 25 leabhar le 25 bliain anuas (eagrán mhí Dheireadh Fómhair 2025)
- An Gúm @ 100 (eagrán mhí na Bealtaine 2026)
- Lig Sinn i gCathú @ 50 (eagrán mhí an Mheithimh 2026)

Mar is gnách, foilsíodh an liosta móréilimh *Leabhair na Bliana* i móreagrán na Nollag 2025. San eagrán sin tugadh spléachadh ar na leabhair is mó a chuaigh i bhfeidhm ar na léirmheastóirí le linn na bliana.

Lean Seán Tadhg Ó Gairbhí agus Tristan Rosenstock lena gcúraimí mar Eagarthóir agus Eagarthóir Liteartha, faoi seach, le linn na tréimhse. Meastar gur leanadar den ardchaighdeán a bhí bainte amach le blianta beaga roimhe sin maidir le scríbhneoireacht, le héagsúlacht an ábhair agus le críochnúlacht na hirise. Chuir dearadh Mark Wickham go mór leis an bhfoilseachán arís agus chuir sé an leagan leictreonach ar fáil ar an suíomh gach mí freisin.

   b. ***Leabhair*COMHAR**

Foilsíodh na teidil seo a leanas le linn thréimhse na tuairisce, buíochas le cómhaoiniú ó Chlár na Leabhar Gaeilge (Foras na Gaeilge) agus An Chomhairle Ealaíon:

- *Katie agus an Pacáiste Rúnda* le Éadaoin Ní Dhomhnaill
    - Úrscéal bleachtaireachta do pháistí níos sine/luathdhéagóirí.

- *Coiscéim, Coiscéimín* le Claire Dunne, maisithe ag Anita Foley
    - Pictiúrleabhar do pháistí bunscoile
- *Faoi Scáil Gheal na hIndia* le Gabriel Rosenstock, maisithe ag Debiprasad Mukherjee
    - Cnuasach filíochta; dánta a foilsíodh cheana mar aon le dánta nuachumtha bunaithe ar ghaol an fhile le tír na hIndia
- *Scannánaíocht na Gaeilge* in eagar ag Marcas Mac Coinnigh agus Róisín Ní Ghairbhí
    - Cnuasach aistí faoi scannánaíocht na Gaeilge
- *Bilal agus Cócó* le Áine Uí Fhoghlú, maisithe ag Serena Scully
    - Úrscéal do pháistí níos sine/luathdhéagóirí

Tá obair idir lámha ar na leabhair seo a leanas agus dátaí foilsithe 2026 luaite leo:

- *Fite Fuaite Faoin bhFarraige* le Sinéad Ní Scolaí, maisithe ag Serena Scully: Pictiúrleabhar do pháistí bunscoile.
- *Inis Mara 3* le Tristan Rosenstock, maisithe ag Mark Wickham: An tríú leabhar sa tsraith úrscéalta do pháistí níos sine/luathdhéagóirí
- *An Cailín Lán le Ceisteanna* le Celia de Fréine: Úrscéal ficsin bunaithe do pháistí níos sine/luathdhéagóirí bunaithe ar shaol Luíse Ghabhánach Ní Dhufaigh
- *Hata Oisín* le Áine Ní Ghlinn, maisithe ag Carol Betera. Eagrán nua de phictiúrleabhar do pháistí bunscoile
- *Fiacha an Ghrá* le Mícheál ó Ruairc: Cnuasach gearrscéalta do dhaoine fásta

### c. COMHAR-RÁ

Tionscadal nua do 2026 é seo. Chuir an Chomhairle Ealaíon maoiniú ar fáil chun trí ócáid liteartha, comhráite idir bheirt scríbhneoirí, a reáchtáil timpeall na tíre:

- 11 Feabhra 2026, BÁC: Eilís Ní Dhuibhne agus Anna Heussaff
- 21 Márta 2026, Baile Bhuirne: Darach Ó Scolaí agus Colm Ó Ceallacháin
- 25 Aibreán 2026, Béal Feirste: Réaltán Ní Leannán agus Róise Ní Bhaoill

Chuir an lucht freastail ag an trí ócáid an-spéis sna comhráite. Déanfar measúnú inmheánach ar an tionscadal sna míonna romhainn.

### d. Inphrionta acadúil: Cló Léann na Gaeilge (CLÓ)

Mar chuid den Phlean Straitéiseach deireanach a bhí ag an eagraíocht, chinn Bord COMHAR go nglacfaí sos trí bliana (2024-26) ó leabhair nua a fhoilsiú sa tionscadal seo. Oibríonn an bord leis an nGrúpa Maoirseachta chun todhchaí na hoibre seo a mheas don chéad tréimhse maoinithe eile atá ag Foras na Gaeilge (2027-29).

### e. COMHAR*Taighde*

Foilsíodh eagrán 11 de COMHAR*Taighde* i mí na Nollag 2025. Tá ocht gcinn de léirmheasanna acadúla agus deich n-alt scolártha san eagrán is déanaí.

- *Léim sa Dorchacht: An Chruthaitheacht agus an Saol Acadúil i Léann na Gaeilge* (Áine Mahon)
- *'Mar nuall seanchon ar seachrán': aortha ar chláirseoirí sa séú agus sa seachtú haois déag (*Deirdre Nic Chárthaigh)

- '*Rug sé greim cúil orm agus leag sé ar an drúcht mé': an t-ionchódú agus an cheilt sna hamhráin Ghaelacha a bhaineann le hionsaithe gnéis* (Sorcha Nic Lochlainn)
- *Lámhscríbhinn i Músaem Chorca Dhuibhne, Baile an Fheirtéaraigh, Co. Chiarraí fara focal ar stair scríobh na Gaeilge in iarthar Duibhneac*h (Tomás L. Ó Murchú)
- *'Nár thé an phlá tharaibh': Dioscúrsaí an SEIF agus caidrimh homaighnéasacha idir fir i ngearrscéalta Mhichíl Uí Chonghaile* (Dean Farrell)
- *Ag Tnúth le Láithreacht Inmheánach Dé: Gnéithe d'Aeistéitic agus de Spioradáltacht 'Bí a Íosa i m' chroíse*' (Marie Whelton)
- *Ceol an traonaigh sa ngort? Athléamh idirthéacsúil ar luathscéal de chuid Mháirtín Uí Chadhain* (Chris McCann)
- *'Cluichí caointe': An caoineadh agus an tórramh ar ardán na hamharclainn*e (Éadaoin Ní Mhuircheartaigh)
- *'Ní ghlacaimíd-ne go héascaidh le heachtrannaigh annso, a Mhr. Lockwood': Eachtrannú agus dúchasú* in *Árda Wuthering (*Pádraig Ó Briain)

Aithnítear an tréimhse atá anois críochnaithe ag na heagarthóirí reatha ar Chéim 2 den togra seo **COMHAR*Taighde***: Caoimhín Mac Giolla Léith, Ríona Nic Congáil agus Peadar Ó Muircheartaigh, a bhfuil a seal chúig bliana anois istigh. Gaisce a rinneadh le cúig eagrán anuas – le hardchaighdeán na hirise deimhniú agus leithne sa bhreis bronnta ar léitheoirí scolártha, idir ailt agus léirmheasanna. Fógrófar buíon úr eagarthóireachta níos déanaí sa bhliain 2026, le plé le heagrán 13 den iris ar aghaidh.

Beidh idir-eagrán speisialta ag COMHARTaighde anois in Eagrán 12, ar aon dul le hEagrán 6, agus beidh **Léann an Mhíchumais sa Ghaeilge** faoi chaibidil. Foilseofar é i mí na Samhna 2026, i bpáirtnéireacht leis an Údarás Náisiúnta Míchumais agus foilsíodh an ghairm ar ailt don eagrán sin, anuas ar an ngairm d'Eagrán 13 ag tús 2026. Tá obair idir lámha ar COMHAR*Taighde* 12 faoi láthair aoi chúram mheitheal aoi-eagarthóirí: Áine Mahon, Róisín Ní Ghairbhí agus Ríona Nic Congáil.

Le linn na tréimhse 01.07.2025 - 06.05.2026, bhí an gníomhaíocht seo a leanas i gceist ar comhartaighde.ie:

- Amas: 17,812
- Cuairteanna: 11,112
- Úsáideoirí: 7,153

### i. Duais an Chomhchaidrimh

Ainmnítear an duais seo i gcuimhne ar an gcumann idir-ollscoile as ar shíolraigh COMHAR agus Gael Linn.

Bronnadh an duais nua seo, €750 agus buanghradam urraithe ag Gael Linn, ar an Dr Chris McCann (Ollscoil na Gaillimhe) agus Dean Farrell (Ollscoil Concordia) as an dá alt is fearr in CT 11 scríofa ag taighdeoir luathghairme.

### f. Portráidí na Scríbhneoirí Gaeilge

Bhí 75,087 úsáideoirí bainte amach ag an suíomh faoi lá na Bealtaine 2026 agus 595,102 amharc leathanach i gceist. Mar léiriú ar an gceangal a bhí ag úsáideoirí leis an suíomh i rith na bliana, bhí ca. 2,500 amharc leathanach ar an lá tar éis bhás an fhile Derry O'Sullivan mar shampla. Déantar nuashonrú ar bheathaisnéisí reatha na scríbhneoirí má athraíonn cúinsí suntasacha

(féach thíos - scríbhneoirí atá caillte) agus tugtar cead d'fhoilsitheoirí (agus baill an phobail) leas a bhaint as an saothar reatha ach ráiteas a thabhairt a thugann creidiúint don togra.

Mar chuid de Phlean Straitéiseach reatha na heagraíochta, chinn Bord COMHAR go nglacfaí sos trí bliana (2025-27) ó ábhar nua a chur leis an tionscadal seo.

3. **MAOINIÚ**
   **Foras na Gaeilge**

   i. *Comhar*

- Bunmhaoiniú de €80,000 sa bhliain atá ceadaithe ag Foras na Gaeilge don tréimhse 2026. Ar an 17 Nollaig 2025 chuir FnaG síneadh bliana leis an tréimhse cúig bliana maoinithe ar tháinig deireadh leis ar an 31.12.25.

   ii. *Leabhair*COMHAR

- Cheadaigh Clár na Leabhar Gaeilge €48,840 do *Leabhair*COMHAR don bhliain 2025 agus an méid céanna do 2026 faoi Scéim na Foilsitheoireachta (maoiniú aon uaire san áireamh).
- Tiocfaidh deireadh leis an tréimhse trí bliana maoinithe ar an 31.12.2026.

   b. **An Chomhairle Ealaíon**

   i. *Comhar*

- Ceadaíodh €41,064 don bhliain 2025 le 3 mhóreagrán a fhoilsiú mar aon le táillí eagarthóireachta liteartha, deartha agus scríbhneoireachta sna 9 eagrán eile a chlúdach.
- Ceadaíodh €56,500 do 2026 leis na costais thuasluaite a chlúdach in 2026, mar aon le tionscadal nua, COMHAR-RÁ, a reáchtáil. Féach 2c thuas.

   ii. *Leabhair*COMHAR

- Ceadaíodh €24,585 don bhliain 2025 agus €29,364 do 2026.

   c. **Coiste Léann na Gaeilge**

- Bhronn Fochoiste na bhFoilseachán €4,950 ar an eagraíocht i gcomhair COMHAR*Taighde* 11 a fhoilsiú.

   d. **COGG**

- Bhronn COGG maoiniú €5,000 sa bhliain ar COMHAR chun cóipeanna PDF den iris a scaipeadh ar gach meánscoil sa tír in 2024-2025. Tá aontaithe le COGG leanúint leis an socrú seo in 2026-2027 ar €7,500 sa bhliain. Cuireann COMHAR spás fógraíochta in iris *Comhar* ar fáil do COGG mar chuid den socrú seo.

Tá COMHAR an-bhuíoch de na maoinitheoirí go léir as an tacaíocht leanúnach.

4. **BAINISTÍOCHT AN GHNÓ**

Faoin mBainisteoir Cuideachta atá cúram bhainistiú laethúil an ghnó (cúraimí airgeadais, riaracháin, foirne, cumarsáide etc.). Oibríonn an Bainisteoir i bpáirt le foireann na hoifige agus le conraitheoirí seachtracha, agus feidhmíonn sí mar lárphointe teagmhála don Bhord Stiúrtha.

Faoin mBord Stiúrtha atá sé a bheith eolach ar a ndualgais don Rialálaí Carthanas agus na dualgais sin a chomhlíonadh. Tá An Cód Rialachais do Charthanais luaite mar mhír ar leith ar chlár na gcruinnithe boird ó mhí DF 2024 i leith áit a dtugtar uasdátú don Bhord ar nithe atá le comhlíonadh agus staid reatha an chomhlíonta sin.

Déanann an Bord athbhreithniú bliantúil ar ghníomhaíochtaí foirne trí chruinniú idir Chathaoirleach an Bhoird agus an Bhainisteoir Cuideachta.

**a. Foireann na hoifige**

- Lean Clare Coughlan ina ról mar Bhainisteoir Cuideachta le linn na tréimhse.
- Lean Deirdre Ní Fhloinn ina ról mar Fheidhmeannach Foilsitheoireachta le linn na tréimhse.
- Thosaigh Sophie McNamara sa ról mar Chúntóir Oifige (faoi oiliúint) ar an 8 Meitheamh 2026. Ról nua páirtaimseartha (0.2 FTE) é seo.
- D'fhreastail an fhoireann ar chúrsaí oiliúna seachtracha ar ábhair éagsúla le linn na tréimhse.

**b. Conraitheoirí seachtracha**

- Seán Tadhg Ó Gairbhí - Eagarthóir *Comhar*
- Tristan Rosenstock - Eagarthóir Liteartha *Comhar*
- Mark Wickham - Dearthóir *Comhar*

**c. Athbhreithniú cuimsitheach ar sholáthar seirbhísí na meán Gaeilge**

Tá 'Athbhreithniú cuimsitheach ar sholáthar seirbhísí na meán Gaeilge' á reáchtáil ag UCD ar son Choimisiún na Meán, a raibh COMHAR páirteach ann. Bhí an tuairisc dheiridh le foilsiú ag UCD/Coimisiún na Meán faoi dheireadh 2025 ach níor foilsíodh go fóill í.

**d. Saothair fhoilsithe in úsáid gan cead ag comhlachtaí seachtracha do uirlisí AI**

- Tá COMHAR ag coinneáil súile ar fhorbairtí maidir leis an gceist seo go domhanda, m.s. Bartz v Anthropic.
- Go dtí seo ní léir don eagraíocht gur úsáideadh aon ábhar a d'fhoilsigh COMHAR go mídhleatheach.

**e. cPanel**

- D'fhógair an comhlacht cPanel fabht san uirlis theicniúil a chuireann siad ar fáil. Lig an fabht seo cead do dhaoine seachtracha rochtain gan cead a fháil ar fhreastalaithe óstáilte ar cPanel, suíomhanna COMHAR ina measc.
- Bhí an fabht seo beo ó thús mhí Feabhra 2026 ach níor thug cPanel faoi deara é go dtí gur chuir siad fógra amach ar an 28 Aibreán 2026.
- Rinne truailliú ar chúltacaí freisin rud a chiallaigh go raibh gá le hionadú a dhéanamh ar chuid mhaith comhad (e.g. íomhánna, PDFanna) ar na suíomhanna.
- Rinne Irish Website Design (IWD) leasuithe ar shuíomhanna COMHAR chun iad a chosaint ó aon ionsaithe eile faoin bhfabht reatha seo. Tá siad den tuairim go n-éireoidh ionsaithe den chineál seo níos coitianta agus níos sofaisiticiúla as seo amach.
- Déanfaidh an BC roghanna cibearshlándáil a iniúchadh agus a phlé leis an mBord Stiúrtha sna míonna romhainn.

5. **MARGAÍOCHT/POIBLÍOCHT**
    a. **Ócáidí**

Sa bhreis ar na hócáidí luaite faoi mhíreanna eile sa tuairisc seo, bhí ionadaí COMHAR i láthair ag na himeachtaí seo a leanas:

- ÁIS: Sárthaispeántas an Fhómhair, Dún Seachlainn, 14 Lúnasa 2025
    - Thug ÁIS cuireadh do Richie Conroy labhairt ar an oíche maidir leis an sraith *Dialann Emily Porter*.
    - Seoladh Bróisiúr an Fhómhair de chuid ÁIS mar chuid den ócáid, luadh teidil éagsúla ó LC sa bhróisiúr agus rinneadh poiblíocht ar leith (spotsholas) ar *Inis Mara 2*.
- Comhdháil Teagaisc do mhúinteoirí GA (Scoileanna T1 & T2), UCC, 17 MF 2025
- Ócáid phoiblíochta do Ghradaim Foilsitheoireachta an Oireachtais, Gaillimh, 17 MF 2025
- Féile na bPuiteachaí, Inis Meáin, 20 MF 2025
- Comhdháil Leabhair Pháistí Éireann (CBI), BÁC, 20-21 MF 2025
    - Roghnaigh CBI Éadaoin Ní Dhomhnaill (údar *Katie agus an Pacáiste Rúnda*) le bheith mar dhuine de dheichniúr ealaíontóir a labhair ag an bpainéal 'New Voices'.
- Oireachtas na Samhna, Béal Feirste, 30 DF - 1 Samhain 2025
    - Sheol Fearghas Mac Lochlainn *Katie agus an Pacáiste Rúnda* ar an 30ú.
- Dublin Book Festival, 6-7 Samhain 2025
    - Ceardlanna idirghníomhacha, a díoladh amach, ag údair na sraitheanna *Inis Mara* agus *Dialann Emily Porter*.
    - Chraol Nuacht Cúla4 mír ó imeacht *Inis Mara* mar aon le hagallamh leis an údar Tristan Rosenstock.
- Publishing Ireland Annual Conference - Trade Day, BÁC, 14 Samhain 2025
- Sárthaispeántas Laureate na nÓg (ócáid CBI), BÁC, 20 Samhain 2025
    - Rinne Richie Conroy agus Claire M. Dunne CIL os comhair lucht eagraithe féilte liteartha. Sprioc na hócáide ná go mbeadh tuilleadh imeachtaí Gaeilge d'ardchaighdeán ar chlár na bhféilte in 2026.
- Tionól Forbartha Gaeloideachas agus COGG, Corcaigh, 21 Samhain 2025
- An Post Irish Book Awards, BÁC, 27 Samhain 2025
- Aonach na Nollag, Áras Chrónáin, BÁC, 30 Samhain 2025
- Mórsheoladh na Nollag COMHAR, United Arts Club, BÁC, 3 Nollaig 2025
    - Sheol Alan Esslemont, iarArd-Stiúrthóir TG4, trí leabhar nua (*Coiscéim, Coiscéimín; Faoi Scáil Gheal na hIndia* agus *Scannánaíocht na Gaeilge*) mar aon le heagrán mhí na Nollag *Comhar*
- Aonach na Nollag, Scoil Naithí, BÁC, 7 Nollaig 2025
- Sheol Áine Walsh, Coiste Craoltóireachta na Gaeilge, *Scannánaíocht na Gaeilge* ag Féile Mhic Artúir, Ollscoil na Banríona, 28 Eanáir 2026
- Belfast Children's Book Festival, 9 Márta 2026. Ceardlanna ag údar *Katie agus an Pacáiste Rúnda*
- Aonach na Gaeilge, UCD, 14 Aibreán 2026
- Towers and Tales, an Lios Mór, 2 Bealtaine 2026
    - Ceardlanna scríbhneoireachta agus idirghníomhacha ag Richie Conroy (údar na sraithe *Dialann Emily Porter*)
- IMRAM na nÓg, BÁC, Bealtaine 2026
    - Ceardlanna ag údar na leabhar *Katie agus an Pacáiste Rúnda* agus *Coiscéim, Coiscéimín* ar 6, 7 & 8 Bealtaine

- Móreagrán *An Gúm @ 100 seolta* ag comhdháil lae arna eagrú ag an nGúm, DCU Campas na Naomh Uile, 7 Bealtaine 2026

### b. Na meáin shóisialta

Baintear leas as cuntais COMHAR ar na meáin shóisialta (i.e. Instagram, Twitter agus Facebook) chun cumarsáid rialta a dhéanamh leis an bpobal. Meán luachmhar é chun poiblíocht a dhéanamh ar obair agus aschur na heagraíochta i measc custaiméirí agus eagraíochtaí eile.

Léiríonn an tábla thíos an fás a tháinig ar líon na leantóirí le dhá bhliain anuas (figiúirí ar an 31 Nollaig den bhliain).

| Meán | 2024 | 2025 |
|---|---:|---:|
| **Instagram** | 1,442 | 1,884 |
| **X (Twitter mar a bhí)** | 4,635 | 4,365** |
| **Facebook*** | 5,447 | 5,958 |

*cuntais na hirise agus na leabhar móide leathanach na heagraíochta
**tá cuid mhaith úsáideoirí ag éirí as ardán X ó 2025 i leith

### c. Eile

- Ardú suntasach ar léamh *Comhar* ar Borrowbox ó thús/lár 2025 i leith, san Astráil agus sa Bhreatain go príomha.
- Bunaíodh scéim phíolótach le Gaeloideachas san Fhómhar 2025. Déantar poiblíocht ar leabhar de chuid LC trí chomórtas rialta i nuachtlitir Gaeloideachas. Scaiptear an nuachtlitir ar bhreis agus 500 duine (idir mhúinteoirí, choistí chúram leanaí agus eile).
- Rinneadh gearrliostú ar *Dialann Emily Porter: Caillte agus Aimsithe* do Ghradam Réics Carló 2025.
- *Dialann Emily Porter: An Jailtacht* agus *Geansaithe Móra* roghnaithe ag an gComhairle Ealaíon don fheachtas ‘Read Mór’ don Oíche Chultúr 2025.
- Rinne *Comhar* urraíocht ar an Duais Iriseoireachta an Oireachtais faoi 18.
- Ainmníodh *Scéalta Nollag* do 'Gradam Love Leabhar Gaeilge Leabhar Ficsin Gaeilge na Bliana' ag na An Post Irish Book Awards 2025.
- 650 leabhar ó LC curtha ar fáil sna málaí féiríní a scaip An Post ar aíonna ag na Irish Book Awards. Deis iontach a bhí ann chun leabhair GA a chur faoi bhráid léitheoirí nua, idir fhoilsitheoirí, ealaíontóirí, na meáin agus eile.
- *Katie agus an Pacáiste Rúnda* roghnaithe ag LoveLeabharGaeilge mar chuid de Fheachtas na Nollag 2025.
- Cuireadh cóipeanna de leabhair do pháistí, foilsithe in 2025, chuig an RTÉ Toy Show.
- Roghnaíodh *Inis Mara* le Tristan Rosenstock le bheith san áireamh arís i gClub Leabhar COGG.
- Books Ireland
    - Ghlac *Leabhair*COMHAR fógraíocht ar an suíomh le linn R3-4 2025
    - Foilsíodh ábhar poiblíochta le húdair agus ealaíontóirí *Leabhair*COMHAR ar an suíomh le linn tréimhse na tuairisce.

- Roghnaíodh *An Snag Breac Ildaite* le bheith san áireamh in Mo Leabharlann Bheag (My Little Library). Bronnfar beagnach 1,500 cóip den leabhar ar pháistí scoile tríd an scéim seo in 2026.
- *Scannánaíocht na Gaeilge* curtha mar théacs éigeantach don mhodúl 'Scannánaíocht na Gaeilge' ar shiollabas QUB don bhliain 2026-27.
- *Coiscéim, Coiscéimín* roghnaithe ag CBI mar leabhar na míosa in eagrán Mhárta/Aibreáin de nuachtlitir an INTO *InTouch.*
- Údar *Coiscéim, Coiscéimín* faoi agallamh in eagrán 77 de *Inis*, nuachtlitir CBI.
- *Bilal agus Cócó* luaite i nuachtlitir Dublin Book Festival 2026 faoi 'Léitheoireacht Mholta don Cháisc'.
- Closleabhar de *An Dara Rogha* á chruthú ag Raidió na Life le linn 2026 (maoinithe ag an gComhairle Ealaíon). Tabharfar an comhad deiridh móide na cearta do COMHAR agus cead againn an táirge a dhíol ar comhar.ie amach anseo.
- Cuireadh *Comhar* (eagrán 2018 ar aghaidh) ar ProQuest ag tús 2026.
- Leabhair de chuid LC san áireamh i leabhráin éagsúla de chuid CBI.
- Leanadh le fógraíocht a dhéanamh ar leabhair de chuid *Leabhair*COMHAR i *Comhar*.
- Fuarthas cuid mhaith poiblíochta eile ó eagrais sheachtracha ar na meáin shóisialta, nuachtáin agus raidió áitiúla agus náisiúnta, nuachtlitreacha agus eile. Samplaí den chineál poiblíochta: tuairisc.ie, RnaG, TG4, Virgin Media One (Ireland AM), RTÉ Radio 1 (Oliver Callan), RTÉJr, ClubLeabhar.com (*Scéalta Nollag*), léirmheasanna ar leabhair éagsúla ag LoveLeabharGaeilge.

## 6. EILE

### a. Filí/scríbhneoirí a cailleadh le linn na tréimhse

Suaimhneas síoraí do na daoine seo a leanas a cailleadh le bliain anuas:

- Breandán Ó Conaire - scoláire agus scríbhneoir (mí Iúil 2025)
- Derry O'Sullivan - file (mí Lúnasa 2025)
- Seán Mac Mathúna - údar (mí na Nollag 2025)
- Máirtín Ó Murchú - scoláire (mí Eanáir 2026)
- Gabriel Rosenstock - údar agus file (mí Aibreáin 2026)

Rinneadh uasdátú ar bheathaisnéisí na scríbhneoirí seo ar shuíomh na bPortráidí.

### b. Buíochas

Gabhann stiúrthóirí COMHAR buíochas le:

- Páirtnéirí maoinithe COMHAR:
  - Foras na Gaeilge
    - Clár na Leabhar Gaeilge
  - An Chomhairle Ealaíon
  - Fochoiste na bhFoilseachán, Coiste Léann na Gaeilge, Acadamh Ríoga na hÉireann
  - An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta
- Daithí Ó Maolchoille agus Tom Bluett, a rinne iniúchadh ar na cuntais.
- *Comhar*: Seán Tadhg Ó Gairbhí (Eagarthóir), Tristan Rosenstock (Eagarthóir Liteartha), Máire Ní Fhinneadha (Cóipeagarthóir), Mark Wickham (Dearthóir), Johnswood Press (Clódóirí), na haoi-eagarthóirí agus na scríbhneoirí a bhíonn ag plé leis an iris.
- *Leabhair*COMHAR: Na scríbhneoirí, léitheoirí, cóipeagarthóirí, dearthóirí, maisitheoirí, agus clódóirí éagsúla.

- CLÓ: Grúpa maoirseachta agus Bord comhairleach eagarthóireachta an inphrionta.
- COMHAR*Taighde:* Caoimhín Mac Giolla Léith, Ríona Nic Congáil, Peadar Ó Muircheartaigh, Cathal Burke; agus bord comhairleach eagarthóireachta acadúil.
- COMHAR-RÁ: Tristan Rosenstock (Comhordaitheoir) agus na scríbhneoirí uile a ghlac páirte ann.
- Foireann oifige COMHAR

Stiúrthóirí COMHAR
Meitheamh 2026